Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10076/23**

**CDR 90**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta agus cúigear comhaltaí malartacha, arna moladh ag Ríocht na Sualainne, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. Le litreacha dar dáta an 5 Deireadh Fómhair 2022[1], an 21 Deireadh Fómhair 2022[2], an 4 Bealtaine 2023[3] agus an 17 Bealtaine 2023[4], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Karin Wanngård, comhalta de Choiste na Réigiún, agus Linda Allansson WESTER, Suzanne FRANK, Sara HEELGE VIKMÅNG agus Charlotte Nordström, comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, tar éis éirí as oifig.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

1. 13267/22.
2. 13960/22.
3. 9344/23, 9346/23.
4. 9814/23.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Karin WANNGÅRD, mhol Rialtas na Sualainne[5] Åsa ÅGREN WIIKSTRÖM, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Ledamot i regionfullmäktige, Region Västerbotten* (comhairleoir réigiúnach Réigiún Västerbotten), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025. Tar éis di bheith ceaptha, beidh suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún folamh.

4. Thairis sin, mhol rialtas na Sualainne na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: William ELOFSSON, *Ledamot i kommunfullmäktige, Gävle kommun* (comhairleoir bardasachta, bardasacht Gävle), Anders JOSEFSSON, *Ledamot i regionfullmäktige, Region Norrbotten* (comhairleoir réigiúnach, réigiún Norrbotten), Elisabet LANN, *Ledamot i kommunfullmäktige, Göteborgs kommun* (comhairleoir bardasachta, bardasacht, Goteborg), Michael ROSENBERG, *Ledamot i kommunfullmäktige, Helsingborgs kommun* (comhairleoir bardasachta, bardasacht Helsingborg), agus Anna-Karin SKATT, *Ledamot i regionfullmäktige, Västra Götalandsregionen* (comhairleoir réigiúnach, réigiún Västra Götaland).

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh a leagtar amach in 10075/23 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[5] 9543/23.